

An Cúigiú Tuarascáil Bhliantúil

de chuid Chathaoirleach an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta ón tráth ar cuireadh tús leis an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

1. Réamhrá

- 1.1** Is cúis áthais dom go ndearna an tUasal Damien English T.D., an tAire Stáit Gnó, Fostaíochta agus Miondíola, mé a cheapadh mar Chathaoirleach ar an bPainéal Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta, ag teacht i gcomharbacht ar an Dr Nael G. Bunni.
- 1.2** Cuimsíonn an ról atá agam mar Chathaoirleach an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta ceanglas tuairisc a thabhairt don Aire Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, atá freagrach as an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013, uair sa bhliain.
- 1.3** Cuimsítear leis an méid atá ag seo an Cúigiú Tuarascáil Bhliantúil ón am ar cuireadh tús leis an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013, agus a chlúdaíonn an tréimhse ón 26 Iúil 2020 go dtí an 25 Iúil 2021. Le linn na tréimhse seo bhí an Dr Nael Bunni ina Chathaoirleach, suas go dtí an 30 Meitheamh 2021. Ba mhaith liom mo bhuíochas a léiriú as an obair atá déanta aige mar chéad Chathaoirleach an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta.
- 1.4** Chuir paindéim an COVID-19 isteach go mór ar an Earnáil Foirgníochta sa gheilleagair, díreach mar an gcéanna le mar atá déanta aige ar go leor earnálacha eile, le linn na bliana atá imithe siar. Buíochas mór le Dia, táthar tar éis tús a chur leis an ngníomhaíocht forgníochta ar láithreáin tógála ar fud na tíre arís.

2. Achtú agus Tús Feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

- 2.1** Rinne an tUachtarán, Michael D. Ó hUigín, an Bille um Chonarthaí Foirgníochta a shíniú ina dhlí an 29 Iúil 2013. Tar éis feachtais faisnéise náisiúnta, a rinne an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tháinig an tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 isteach i bhfeidhm le haghaidh conarthaí tógála áirithe a rinneadh tar éis an 25 Iúil 2016 de réir an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 (Ceaptha Lá) Ordú 2016' (Ionstraim Reachtúil Uimh. 165 de 2016).

3. Achoimre ar fhorálacha príomhacha an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

- 3.1** Is é cuspóir an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 íocaíochtaí faoi chonradh tógála a chumhdaítear leis an Acht a rialáil. Baineann sé le conarthaí i scríbhinn agus le conarthaí ó bhéal araon. Tá conarthaí áirithe díolmhaithe faoin Acht. Baineann na díolúintí sin le conarthaí ar luach níos lú ná €10,000; le conarthaí Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí; agus le conarthaí le haghaidh teaghaise níos lú ná 200 méadar cearnach, sa chás go bhfuil duine amháin de na páirtithe ina áitiú ann nó go bhfuil sé ar intinn aige é a áitiú ann.
- 3.2** Tá cearta agus oibleagáidí dlíthiúla nua atá tugtha do na páirtithe i gconradh tógála ábhartha tugtha isteach san Acht. Forchuireann an tAcht forálacha conarthacha íosta maidir le híocaíochtaí - go háirithe maidir le huainiú na n-íocaíochtaí - agus ní féidir do na páirtithe

i gconradh tógála ábhartha rogha a dhéanamh gan cloí leis na forálacha sin. Toirmisctear an cleachtas ‘íoc nuair a íoctar tú féin’ leis an Acht freisin, cé is moite amháin den chás ina éiríonn tríú páirtí i gconradh a bheith dócmhainneach.

3.3 Áireofar le conradh tógála a chumhdaítear leis an Acht:

- (i) méid gach íocaíochta eatramhaí agus deiridh nó sásra leordhóthanach chun na méideanna sin a áireamh;
- (ii) dáta an éilimh ar íocaíocht i ndáil le gach uile mhéid atá dlite nó sásra leordhóthanach chun na dátaí sin a chinneadh; agus
- (iii) an tréimhse idir dáta an éilimh ar íocaíocht agus an dáta a mbeidh an méid dlite.

3.4 Mura n-áirítear an fhaisnéis thuasluaite i bpríomhchonradh tógála, beidh feidhm ag na dátaí éilimh íocaíochta seo a leanas maidir leis an gconradh:

- (i) 30 lá tar éis dháta tosaithe an chonartha tógála;
- (ii) 30 lá tar éis dháta an éilimh ar íocaíocht dá dtagraítear thuas agus gach 30 lá ina dhiaidh sin suas go dtí an dáta críochnaithe substaintiúil; agus
- (iii) 30 lá tar éis dháta críochnaithe críche.

Anuas air sin, ní bheidh an dáta a mbeidh íocaíocht dlite i ndáil le méid a éilítear faoin gconradh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta an éilimh ar íocaíocht.

3.5 Tá cosaintí reachtúla tábhachtacha d’fhochoonraitheoirí i dtionscal na tógála á bhforáil san Acht. Caithfidh na dátaí ar éilimh íocaíochta seo a leanas a bheith san áireamh i bhfochonarthaí ar a laghad:

- (i) 30 lá tar éis dháta tosaithe an chonartha tógála;
- (ii) 30 lá tar éis dháta an éilimh ar íocaíocht dá dtagraítear thuas agus gach 30 lá ina dhiaidh sin suas go dtí an dáta críochnaithe substaintiúil; agus
- (iii) 30 lá tar éis dháta críochnaithe críche.

NAnuas air sin, ní bheidh an dáta a mbeidh íocaíocht dlite i ndáil le méid a éilítear faoin bhfo-chonradh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta an éilimh ar íocaíocht.

3.6 Ceanglaítear leis an Acht ar Pháirtí Forghníomhaitheach (Príomhchonraitheoir nó Fochonraitheoir) fógra éilimh íocaíochta a thabhairt don Pháirtí Eile (nó do dhuine arna shonrú faoin gconradh tógála atá ag gníomhú don Pháirtí Eile), tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis na híocaíochta dáta éilimh. Má dhéanann an Páirtí Eile sin agóid nach bhfuil an méid a éilíonn an Páirtí Forghníomhaitheach dlite agus iníoctha, éilítear ar an bPáirtí Eile (nó an duine atá ag gníomhú thar ceann an Pháirtí Eile) freagra a thabhairt ar an bPáirtí Forghníomhaitheach, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis dháta an éilimh íocaíochta a shocrú amach an méid seo a leanas:

- (a) an chúis / na cúiseanna leis an díospóid faoin méid a éilíonn an Páirtí Forghníomhaitheach san fhógra éilimh íocaíochta, lena n-áirítear aon éileamh ar chailleanas nó damáiste a eascraíonn as sárú líomhnaithe ar aon oibleagáid chonarthaigh nó oibleagáid eile de chuid an Pháirtí Forghníomhaigh; agus

(b) an méid, más ann, a mholtar gur cheart íoc leis an bPáirtí Forghníomhaitheach, chomh maith leis an mbonn leis an gcaoi a ríomhtar an méid sin.

3.7 D'fhéadfadh na páirtithe sa chonradh tógála a bheith in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an méid atá le híoc leis an bPáirtí Forghníomhaitheach. Mar sin féin, sa chás nach dtagtar ar chomhaontú den sórt sin faoin dáta dlite íocaíochta, éilítear ar an bPáirtí Eile an méid, más ann, a mhol an Páirtí Eile a íoc mar fhreagra ar an bhfógra éilimh ar íocaíocht a chonspóidtear. Déanfar an íocaíocht seo faoin dáta dlite íocaíochta de réir Alt 4(3)(b) den Acht.

3.8 Tá sé ordaithe in alt 5 den Acht, gur féidir don Pháirtí Forghníomhaitheach obair faoin gconradh tógála a chur ar fionraí ach fógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí Eile mura n-íocann an Páirtí Eile aon mhéid atá dlite faoi chonradh tógála go hiomlán faoin dáta dlite íocaíochta.

3.9 Leis an Acht seo, tugadh isteach, den chéad uair in Éirinn, ceart nua do pháirtí i gconradh tógála, mar atá sainmhínithe faoi Alt 1 den Acht, díospóid íocaíochta le haghaidh breithnithe a tharchur mar bhealach chun an díospóid sin a réiteach. Samhlaítear leis an Acht go dtabharfar breithniú chun críche laistigh de thréimhse ama ghearr, i.e., 28 lá ó dháta atreoraithe na díospóide chuig Breithneoir. Féadfar an tréimhse seo a bheith sínte amach in imthosca áirithe. Murar féidir leis na páirtithe sa chonradh tógála teacht ar aontú maidir le cé ba cheart a cheapadh mar Bhreithneoir, d'fhéadfadh ceachtar díobh iarratas a dhéanamh orm, i mo cháil mar Chathaoirleach ar an bPainéal Breithiúna arna cheapadh ag an Aire ag iarraidh Breithneoir a cheapadh.

3.10 Tá tuilleadh faisnéise mionsonraithe ar an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, www.enterprise.gov.ie.

4. Iarratais le Cathaoirleach an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta chun Breithneoir a cheapadh faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

4.1 Ceanglaítear orm, mar Chathaoirleach an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta, Breithneoir a shannadh ón bPainéal Breithiúna arna cheapadh ag an Aire tar éis iarratas a bheith déanta faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 a chomhlíonann mír 15 den 'Chód Cleachtais chun Iompar Breithiúnas a Rialú'. Is iondúil go ndéanaimse an Breithneoir a cheapadh laistigh de 7 lá tar éis dom iarratas i scríbhinn a fháil, seachas mura gcomhlíonann an t-iarratas mír 15 den Chód Cleachtais nó má theastaíonn tuilleadh faisnéise ón iarratasóir a bhaineann leis an gcineál díospóide ar leith atá i gceist, agus ar aon dul le mír 16 an Chóid Chleachtais.

4.2 Le linn na tréimhse a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, bhí 51 iarratas ag iarraidh Breithneoir a cheapadh faighte ag Seirbhís Breithnithe um Chonarthaí Tógála na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Soláthraíonn an tSeirbhís Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta an tacaíocht riaracháin is gá do Chathaoirleach an Phainéil Breithnithe Conarthaí Foirgníochta agus iarratais den sórt sin a phróiseáil.

4.3 Rinneadh 37 ceapachán Breithiúnais faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013. Rinne an Dr Nael Bunni an chuid is mó de na ceapacháin sin, toisc go raibh sé ina

Chathaoirleach ar an bPainéal Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta suas go dtí an 30 Meitheamh 2021.


- 4.4 Measadh aon iarratas amháin a bheith neamhiomlán, agus cuireadh isteach é sin den dara huair agus ceapadh Breithneoir mar thoradh ar an dara iarratas sin. Tarraingíodh siar trí iarratas roimh Breithneoir a bheith ceapadh ina leith. Rinneadh aon chás amháin a tarraingíodh siar é a chur isteach den dara huair agus ceapadh Breithneoir mar thoradh ar an iarratas sin. Tá na ceapacháin seo curtha san áireamh i líon na gceapachán dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.
- 4.5 Bhí deich n-iarratas ar measadh iad a bheith neamhchomhlíontach leis an reachtaíocht nó leis na ceanglais iarratais a leagtar amach sa 'Cód Cleachtais Chun Iompar Breithiúnas a Rialú'. Cuireadh isteach ceann amháin de na cásanna seo den athuair agus ceapadh Breithneoir mar thoradh ar an iarratas sin. Tá an ceapachán seo curtha san áireamh i líon na gceapachán dá dtagraítear sa mhír 4.3..
- 4.6 Tháinig saincheist dlínse chun cinn in dhá chás tar éis don Bhreithneoir a bheith ceaptha. D'éirigh an Breithneoir as a phost in aon chás amháin mar gheall ar an saincheist dlínse. Rinneadh an dá chás a chur isteach den dara huair agus ceapadh Breithneoir mar thoradh ar an dá iarratas sin. Tá na ceapacháin seo curtha san áireamh i líon na gceapachán dá dtagraítear i mír 4.3.
- 4.7 Tá faisnéis mhionsonraithe ar chásanna breithnithe ar tugadh chun críche iad agus ar chuir na Breithneoirí faisnéis ar fáil ina leith sna cásanna sin le fáil i gcuid 5 den tuarascáil seo.

5. Tuairisceáin sonraí staidrimh ó Bhreithneoirí


- 5.1 Tá ceanglais leagtha amach sa 'Cód Cleachtais chun Iompar Breithiúnas a Rialú' do Bhreithneoirí chun faisnéis a sholáthar don tSeirbhís Breithnithe um Chonarthaí Tógála tar éis ceapacháin (mír 12); tar éis éirí as an oifig (mír 30); agus maidir le toradh cásanna breithnithe (mír 39), chun sonraí staidrimh gan ainm a thiomsú ar oibriú an Achta.
- 5.2 Sa chuid seo den tuarascáil tá faisnéis mhionsonraithe le ar thoradh na gcásanna breithnithe, ar chuir na Breithneoirí ceaptha faisnéis gan ainm ar fáil ina leith. Le linn na tréimhse atá clúdaithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo, fuair an tSeirbhís Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta 48 tuairisceán sonraí ó Bhreithneoirí. Cuimsíonn sé seo faisnéis faoi chásanna inar aontaigh na páirtithe ar cheapachán Breithneora a cheapadh, chomh maith le cásanna inar cheap mé Breithneoir faoi alt 6 (4) den Acht san aighneas íocaíochta. Toisc go bhfuil na sonraí a fhaightear ar na cásanna seo gan ainm, ba chóir a thabhairt faoi deara nach dtagraíonn an fhaisnéis atá leagtha amach sa chuid seo den tuarascáil do chásanna inar cheap mise an Breithneoir faoi alt 6(4) den Acht amháin, go heisiach.
- 5.3 Tá príomhcháilíochtaí gairmiúla na mBreithneoirí sna 48 cás seo leagtha amach i dTábla 1 agus tá príomhshuímh láithreáin na ndíospóidí íocaíochta lena mbaineann liostaithe i dTábla 2 thíos.

Tábla 1 - Príomhcháilíocht Ghairmiúil an Bhreithneora	
Ailtire	16
Suirbhéir Cainníochta	15
Abhcóide	9
Innealtóir	5
Comhalta d'Institiúid Chairte na nEadránaithe	3
Iomlán	48
Tábla 2 - Príomhshuímh Láithreáin na nDíospóidí Íocaíochta de réir Contae	
Baile Átha Cliath	28
Corcaigh	4
Tiobraid Árann	3
Cill Dara	2
Laois	2
Ceatharlach	1
An Cabhán	1
An Clár	1
Gaillimh	1
Cill Chainnigh	1
An Longfort	1
Lú	1
An Mhí	1
Maigh Eo	1
Iomlán	48


5.4 I bhFíor 1 thíos, tá na catagóirí páirtithe atá faoi dhíospóid leagtha amach. I measc na díospóide ba choitianta a atreoraíodh le haghaidh breithnithe áirítear Fochonraitheoir i ndíospóid le Príomhchonraitheoir, agus an Fochonraitheoir a rinne an tarchur.




5.5 Tá faisnéis faoi chineál na ndíospóidí sna cásanna seo ar fáil i bhFíor 2. Rinneadh formhór na ndíospóidí a aicmiú mar dhíospóidí íocaíochta eatramhacha nó deiridh. Sa chatagóir ‘Íocaíocht Eile’ bhí díospóidí a bhain le táillí ar sheirbhísí gairmiúla agus síneadh ar éilimh ama, gan ach cúpla cineál a lua.




5.6 Tá faisnéis faoin méid atá faoi dhíospóid idir na páirtithe léirithe i bhFíor 3. Bhí an chuid is mó de na cásanna sa raon idir €100,000 agus €500,000 agus sa raon idir €50,000 agus €100,000.




5.7 Tá faisnéis faoi stádas na 48 díospóid seo tar éis díobh a bheith tharchurtha chuig Breithneoir léirithe i bhFíor 4. San iomlán, ceadaíodh 40 cinneadh Eadránaí eisithe.




5.8 Tá faisnéis faoi thoradh na 40 cinneadh Breithneora léirithe i bhFíor 5. D'éirigh leis an bPáirtí a rinne an t-atreorú i 20 cás, d'éirigh leis an bPáirtí Freagartha i 6 chás agus bhí cinneadh roinnte idir na páirtithe i 14 cás.




5.9 Tá faisnéis faoi na méideanna a dámhadh i gcinntí Breithneora léirithe i bhFíor 6. Bhí 33 cás san iomlán ann ar bronnadh dámhachtainí airgeadaíochta ar an mBreithneoir. Sna seacht gcás eile, níor tuairiscíodh aon dámhachtainí airgeadaíochta toisc gur éirigh leis an bPáirtí Freagróra i sé chás díobh agus rinneadh cinneadh sa chás eile maidir le dliteanas as táillí an Bhreithneora a íoc.




5.10 Tá faisnéis faoin amscála a bhí i gceist chun cinneadh an Bhreithneora a eisiúint chuig na páirtithe sna 40 cás thuasluaite le feiceáil i bhFíor 7. Eisíodh cinneadh i 25 cás laistigh de 28 nó 42 lá ó dháta atreoraithe na díospóide íocaíochta chuig an mBreithneoir. Bhí 15 chás ann inar eisíodh an cinneadh tar éis 42 lá ó dháta atreoraithe na díospóide íocaíochta chuig an mBreithneoir.



5.11 Tá faisnéis faoi na táillí in aghaidh na huaire a ghearrann na Breithneoirí i 42 cás le fáil i bhFíor 8. Cuimsítear leis an iomlán seo 38 cinneadh Breithneora, trí cheapachán a chúlghairm na páirtithe iad agus cás amháin a tarraingíodh siar é. Bhí an táille in aghaidh na huaire a ghearr Breithiúna sa raon €251/€300 i 15 cás agus €201/€250 san uair i 11 chás.



5.12 I bhFíor 9, tá méid iomlán na dtáillí a ghearrann Breithneoirí i 44 cás léirithe - áirítear leo siúd dhá chás inar comhaontaíodh táille comhréidh, seachas ráta in aghaidh na huaire a cuireadh i bhfeidhm. Bhí 14 chás ann ina raibh na táillí iomlána a gearradh iontu idir €5,000 agus €9,999, agus bhí 7 gcás ann ina raibh na táillí iomlána a gearradh iontu idir €10,000 agus €15,000. Éilíonn an ‘Cód Cleachtais chun Iompar Breithiúna a Rialú’ gur chóir go mbeadh na táillí a ghearrann Breithneoir “réasúnta ó thaobh an méid atá faoi dhíospóid, chomh maith le castacht na díospóide agus an t-am a chaitheann an Breithneoir” ar an díospóid, agus imthosca ábhartha eile freisin.



6. Cásanna Dlí lena mbaineann Cathaoirleach an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta

- 6.1** Mar a bhfuil tagairt déanta dó i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite, bhí Athbhreithniú Breithiúnach amháin ar siúl a tharla mar gheall ar Cheapachán Bhreithneora faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013. Cuireadh deireadh leis na himeachtaí seo gan aon Ordú.
- 6.2** Cuireadh tús leis an dara Athbhreithniú Breithiúnach i mí na Samhna 2020 mar gheall ar cheapachán Bhreithneora faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013. Rinne an Breitheamh Brian O'Moore a chinneadh a thabhairt an 20 Iúil 2021 i gcás Kevin O'Donovan agus Coiste Contae Chorcaí de Chumann Lúthchleas Gael (Gearánaithe) agus Nael G. Bunni agus James Bridgeman agus OCS One Complete Solution Limited (Cosantóirí) [2020/872 JR]. Chinn an Breitheamh O'Moore go ndearna an conradh a rialaíonn teidlíocht OCS le hóc as na hoibreacha ábhartha iar-thosach feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 agus dá bhrí sin féadfaidh OCS breithniú a lorg faoin Acht i leith a éilimh ar íocaíocht.

7. Cinntí Breithneora a Fhorfheidhmiú

- 7.1** Cuireadh síneadh le Rialacha na nUas-Chúirteanna chun foráil a chuir isteach iontu chun cinntí na mBreithneoirí a fhorfheidhmiú ag an Ard-Chúirt faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 - 'Rialacha na nUas-Chúirteanna (an tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013) 2016' (Ionstraim Reachtúil Uimh. 450 de 2016).
- 7.2** Tá roinnt iarratas tar éis a bheith déanta anois chun cinneadh Breithneora a fhorfheidhmiú faoin Ionstraim Reachtúil seo.

8. Cathaoirleach nua an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Tógála agus baill an Phainéil a cheapadh


- 8.1** Tá foráil déanta, le halt 8 den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013, go gceapfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta comhaltaí ar Phainéal Breithneoirí agus go roghnóidh sé ball den Phainéal le bheith ina Chathaoirleach air freisin. Chuir an Dr Nael Bunni in iúl don Aire go scoirfeadh sé ón a ról mar an Chathaoirleach nuair a rachadh a cheapachán in éag an 30 Meitheamh 2021, tar éis dó fónamh sa ról ón 8 Iúil 2015.
- 8.2** Thug an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta cuireadh d'iarrthóirí incháilithe 'Léirithe Spéise' le haghaidh ceapacháin ar an bPainéal Breithneoirí agus i ról an Chathaoirligh freisin. Bhí freagra maith ann faoin dáta deiridh ó iarrthóirí a bhí ag lorg coinne le bheith ina mball den Phainéal agus bhí roinnt díobh siúd a rinne iarratas ar ról an Chathaoirligh freisin.
- 8.3** Cuireadh bord roghnúcháin i mbun, agus i measc na ball a bhí ar áirítear an Dr Nael Bunni, an Cathaoirleach atá ag dul as oifig, an tUasal Michael Farrington, Príomhoifigeach agus Ceann Cleachtais Soláthair agus Acadamh Scileanna Tráchtála, Oifig Soláthair an Rialtais, agus Tara Coogan Uas, Príomhoifigeach agus Ceann Sheirbhís Breithnithe na gConarthaí

Foirgníochta sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, gan ach cúpla duine díobh a lua. Chinn an Bord Roghnúcháin gur chóir 19 ball den Phainéal roimhe seo a rinne iarratas ar cheapachán den athuair a mholadh don Aire mar dhuine a bheadh oiriúnach do théarma ceapacháin eile 5 bliana. Rinne an tUas. Damien English T.D., an tAire Stáit Gnó, Fostaíochta agus Miondíola, iad a cheapadh ar an bPainéal nua le feidhm ón 7 Márta 2021.

- 8.4** Bunaíodh Bord Agallaimh agus an tUasal Hank Fogarty ar dhuine a bhí air, duine atá ina Innealtóir Cairte agus a bhfuil taithí leathan aige ar chomhréiteach agus eadráin díospóidí tógála innealtóireachta sibhialta. Chinn an Bord Agallaimh gur chóir 17 duine breise a mholadh don Aire mar dhaoine a bheadh oiriúnach le bheith ceaptha ar Phainéal na mBreithneoirí bunaithe ar a gcáilíochtaí gairmiúla agus a dtaithí. Rinne an tUas. Damien English T.D., an tAire Stáit Gnó, Fostaíochta agus Miondíola, iad a cheapadh ar an bPainéal nua le feidhm ón 10 Bealtaine 2021.
- 8.5** Tar éis measúnú a dhéanamh ar na hiarratais ar ról an Chathaoirligh, moladh don Aire mise a cheapadh mar an t-iarrthóir is oiriúnaí chun teacht i gcomharbacht ar an Dr Nael Bunni. Rinne an tUasal Damien English T.D., an tAire Stáit Gnó, Fostaíochta agus Miondíola, mo cheapachán mar Chathaoirleach a dheimhniú le feidhm ón 1 Iúil 2021 ar aghaidh.
- 8.6** Tá liosta iomlán na mball reatha den Phainéal Breithnithe Conarthaí Tógála luaite in Iarscríbhinn 1.

9. Tráchttaireacht agus Conclúidí

- 9.1** Tá áthas orm gur ceapadh mé sa ról tábhachtach atá agam mar Cathaoirleach an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta, ag teacht i gcomharbacht ar an Dr Nael Bunni. Bliain dhúshlánach a bhí ann don Earnáil Foirgníochta an bhliain seo caite, díreach mar a bhí in go leor earnálacha den gheilleagar, mar gheall ar phaindéim an COVID-19. Is maith é a fheiceáil, cinnte, go bhfuil láithreáin tógála oscailte arís agus go bhfuil tús curtha leis an obair arís.
- 9.2** Sa Tuarascáil Bhliantúil seo, tá breac-chuntas déanta ar na cosaintí reachtúla tábhachtacha atá curtha ar fáil leis an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 do pháirtí Forghníomhaitheach faoi chonradh tógála. Tá sé sin léirithe i bhFíor 5 thuas, áit ar éirigh leis an bPáirtí Tagartha nó go páirteach rathúil i 34 de na 40 cinneadh Breithneora a tuairiscíodh. Cé go raibh Fochonraitheoir / Príomhchonraitheoir agus Príomhchonraitheoir / Fostóir i gceist i bhformhór na ndíospóidí íocaíochta, taispeánann Figiúr 1 go bhfuil páirtithe eile ag saothrú a gcearta faoin reachtaíocht freisin.
- 9.3** Cé gur thuairiscigh mé ar na sonraí a cuireadh ar fáil in imthosca inar roghnaigh Breithneoirí sonraí den sórt sin a sholáthar, ní féidir a rá go cinntitheach go gcuimsíonn sé seo gach cás breithnithe a tugadh i gcrích faoin Acht le bliain anuas. D'fhéadfadh breithnithe breise a bheith déanta freisin de bhun an Achta, nuair a d'aontaigh na páirtithe ar cheapachán an Bhreithneora gan dul i muinín na Seirbhíse Breithnithe Conarthaí Foirgníochta agus nár tugadh staitisticí don tSeirbhís ina leith.
- 9.4** Idir mé féin agus an Dr Nael Bunni, an t-iar-Chathaoirleach, tá 37 Breithneoir ceaptha ag an mbeirt againn faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 chun díospóidí a íoc agus luach comhcheangailte díreach os cionn €55.5 milliún i gceist leis na híocaíochtaí sa tréimhse a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Ní chuimsítear luach na gcásanna ar athiontráladh iad den dara huair leis an bhfigiúr seo.
- 9.5** Cuireann an Tuarascáil Bhliantúil seo agus na Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo chun suntais go bhfuil páirtithe i gconarthaí foirgníochta ag saothrú a gcearta faoin Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 agus ag lorg sásamh i leith neamhíocaíochta nó ró-íocaíochta.
- 9.6** Agus an Dr Nael Bunni ag éirí as a ról mar chéad Chathaoirleach an Phainéil Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta, is am oiriúnach é chun líon na n-iarratas agus na gceapachán a rinneadh faoi alt 6 (4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ó cuireadh tús leis an Acht i mí Iúil 2016 a leagan amach.



- 9.7** Le cúig bliana anuas rinne Cathaoirleach an Phainéil Breithnithe Conarthaí Tógála 124 ceapachán Breithiúnais chun díospóidí íocaíochta dar luach beagnach € 151.5 milliún san iomlán.
- 9.8** D’fhonn díospóidí íocaíochta a sheachaint ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach go gcloíonn Fostóirí, Príomhchonraitheoirí agus Fochonraitheoirí araon lena n-oibleagáidí de réir mar atá leagtha amach san Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013. Ba mhaith liom a chur in iúl freisin má tá páirtí i gconradh tógála, mar a shainmhínítear faoin Acht é, ag smaoineamh ar dhíospóid íocaíochta a tharchur le haghaidh breithnithe, ba cheart go mbeadh na nósanna imeachta iomchuí go léir a éilítear faoin Acht agus faoin ‘gCód Cleachtais chun Iompar Breithiúnas a Rialú’ ina dhiaidh. Tá leabhrán faisnéise ar an Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.enterprise.gov.ie, agus faisnéis faoi na céimeanna éagsúla sa phróiseas breithnithe le fáil ann.
- 9.9** Gabhaim fáilte roimh chinneadh an Bhreithimh Brian O’Moore, Uas. sna himeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a thóg Kevin O’Donovan agus Coiste Contae Chorcaí de Chumann Lúthchleas Gael, mar gheall ar an ngné tábhachtach den dlí atá soiléir anois mar gheall air.
- 9.10** Mar fhocal scoir, ba mhaith liom fáilte a chur roimh na baill nua ar an nPainéal Breithnitheum Chonarthaí Foirgníochta a ceapadh níos luaithe i mbliana tar éis comórtas a bheith déanta ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hiarchomhaltaí sin ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige i mbliana freisin.

An tUas Bernard Gogarty,
An Cathaoirleach.
Lúnasa 2021

IARSCRÍBHINN 1

An tAcht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013

Baill den Phainéal Breithnithe um Chonarthaí Foirgníochta

Tá an tUas Bernard Gogarty ina bhall de chuid an Phainéil chomh maith le bheith ina Chathaoirleach air freisin.

An tUas Peter	Aeberli	Karen	Killoran, Uas
An tUas Joe	Behan	An tUas Niall	Lawless
An tUas Kevin	Brady	An Dr John Derek	Layng Ross
An tUas James	Bridgeman	An tUas Niall	Meagher
An tUas Jonathan	Cope	An tUas Gerard	Meehan
An tUas John	Costello	An tUas Matthew	Molloy
An tUas Dermot	Durack	An tUas Gerard	Monaghan
Siobhan	Fahey, Uas	An tUas James	O'Donoghue
An tUas Ciaran	Fahy	An tUas Denis	O'Driscoll
Orla	Fitzgerald, Uas	An tUas Seán	O'Flaherty
An tUas John	Gibbons	Niav	O'Higgins, Uas
Thomas			
An tUas James	Golden	An tUas David	O'Leary
An tUas Conor	Hogan	An tUas Peter Eugene	O'Malley
An tUas John	Hughes	An tUas Gerard	O'Sullivan
An tUas Jarlath	Kearney	An tUas Edward James	Quigg
An tUas Keith	Kelliher	An tUas Martin	Waldron
An tUas Conor	Kelly	An tUas Peter	Walshe
An tUas Damien	Keogh		